DÉAN DO MHUILEANN GAOITHE FÉIN

F TEAGHLACH

Trealamh

- Bileog páipéir A4, bán nó daite
- Rialóir
- Peann luaidhe
- Siosúr
- Biorán ordóige

Fíricí

Tá an-éileamh ar mhuilte gaoithe in Éirinn anois. Cén fáth?

1. Úsáideann muilte gaoithe fuinneamh na gaoithe chun leictreachas saor a dhéanamh.
2. Ní thruaillíonn muilte gaoithe an t-atmaisféar.
3. Ní bheimid go deo gan ghaoth.

Conas do mhuileann gaoithe a dhéanamh

1. Gearr amach teimpléad cearnógach.
2. Gearr ar feadh líne sholadach ó gach cúinne.
3. Cuir dath ar an teimpléad le do phinn dhaite.
4. Tarraing na cúinní b,c,d, agus e anuas go dtí an ponc lárnach a
5. Cuir biorán ordóige trí lár an pháipéir, déan cinnte go mbeidh sé sáite tríd na ceithre cúinní fillte. Is é seo roth an mhuileann gaoithe.
6. Sáigh biorán an rotha trí cheann neamhbhioraithe do pheann luaidhe anois.
7. Maith thú, tá do mhuileann gaoithe déanta agat. Séid ar an muileann gaoithe nó tabhair amach faoi aer é go séidfidh an ghaoth air.



Teimpléad samplach. Ní mór an ponc a chur i lár na cearnóige i bhfíortheimpléad, tabhair 'A' air. Rinne mé muileann gaoithe deas as cearnóg pháipéir 18cm cearnach. Bhí na líne ó na cúinní 8cm ar fhad. Tabhair b,c,d,e ar na cúinní a bheidh le tarraingt anuas.

Cad a tharlaíonn?

Casann fórsa na gaoithe an muileann gaoithe timpeall. Ar fheirmeacha gaoithe, tá muilte móra gaoithe. Casann an ghaoth iad agus úsáidtear é seo chun do chuid leictreachais a dhéanamh.

Nóta

Cuir isteach léaráid de mhuileann gaoithe páipéir.

Dúshlán

Déan iarracht do theimpléad féin a dhéanamh le páipéar nó cartchlár tanaí.

Bheadh teimpléad 18cmx18cm go maith. Bain sult as!

Tomhas

Cad is féidir leat a choinneáil gan teagmháil leis? *D'anáil*

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Abbott
A Promise for Life